



---

*An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh*

---

**2020/XXXX(INI)**

18.6.2020

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar straitéis nua do FBManna Eorpacha  
(2020/XXXX(INI))

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Paolo Borchia

## CLÁR

### Leathanach

|                                                         |   |
|---------------------------------------------------------|---|
| TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ..... | 3 |
| RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....                                | 8 |

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

### ar straitéis nua do FBManna Eorpacha (2020/XXXX(INI))

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint do mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú<sup>1</sup>,
- ag féachaint do Threoir 2011/7/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála<sup>2</sup>,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2011 dar teideal ‘Plean gníomhaíochta chun rochtain ar mhaoiniú do FBManna a fheabhsú’ (COM(2011)0870),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2011 dar teideal ‘Athbhreithniú ar an Acht um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip’ (COM(2011)0078), agus don rún ón bParlaimint ina leith sin an 12 Bealtaine 2011<sup>3</sup>,
- ag féachaint dá rún an 23 Deireadh Fómhair 2012 maidir le ‘Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna): iomaíochas agus deiseanna gnó’<sup>4</sup>,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Márta 2013 dar teideal ‘Rialáil chliste – Ag freastal ar riachtanais fiontar beag agus meánmhéide’ (COM(2013)0122),
- ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhfiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME) (2014 – 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE<sup>5</sup>,
- ag féachaint dá rún an 8 Meán Fómhair 2015 maidir le gnóthaí teaghlaigh san Eoraip<sup>6</sup>,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 dar teideal ‘Na chéad cheannairí eile a bheidh ag an Aontas: an Tionscnamh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá i mbun Fáis’ (COM(2016)0733),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal ‘Straitéis FBM d’Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach’ (COM(2020)0103),
- ag féachaint do Thuarascáil Speisialta 02/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: ‘Ionstraim FBM i ngníomh: clár éifeachtach agus nuálach chun dul i ngleic le dúshláin’,

---

<sup>1</sup> IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.

<sup>2</sup> IO L 48, 23.2.2011, lch. 1.

<sup>3</sup> OJ C 377 E, 7.12.2012, lch. 102.

<sup>4</sup> OJ C 68 E, 7.3.2014, lch. 40.

<sup>5</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 33.

<sup>6</sup> OJ C 316, 22.9.2017, lch. 57.

- ag féachaint do Réamhaisnéis Eacnamaíoch – Earrach 2020 ón gCoimisiún,
  - ag féachaint don tuarascáil ón mBanc Dhomhanda ‘Ionchais Eacnamaíocha Dhomhanda’ de mhí an Mheithimh 2020,
  - ag féachaint do Rial 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0000/2020),
- A. de bhrí gur foilsíodh an teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Straitéis FBM d’Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach’ an 10 Márta 2020 agus, an 11 Márta, gur eisigh EDS foláireamh paidéime COVID-19, rud a d’fhág go raibh an timpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus pholaitiúil dá dtagraítear ag an gCoimisiún as dáta;
- B. de bhrí go ngineann 25 mhilliún FBM níos mó ná leath chuid de OTI AE, agus go bhfuil thart ar 100 milliún oibrí fostaíthe acu; de bhrí gur fiontair bheaga ag a bhfuil níos lú ná 49 n-oibrí iad 98.9% de na fiontair i ngeilleagar gnó neamhairgeadais AE;
- C. de bhrí gur tugadh roinnt shuntasacha FBManna gar de dhócmhainneacht mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch a spreag an phaindéim;
- D. de bhrí, i gcás dara ráig de COVID-19, nach gcuirtear as an áireamh le hIonchas ECFE<sup>7</sup> go rachaidh an caillteanas ioncaim, faoi dheireadh 2021, thar chaillteanas aon chúlaithe eacnamaíoch a bhí ann le 100 bliana anuas roimhe seo;
- E. de bhrí, de réir na tuarascála ó 2019 dar teideal ‘Mind the Bridge: Tech Scale-up Europe’<sup>8</sup>, tá trí oiread fiontar rathúil ann sna Stáit Aontaithe ná atá ann in AE;
- F. de bhrí nach bhfuil roinnt mhaith FBManna fós gan rochtain iomlán ar dhigitiú; de bhrí gur cheart go mbeadh díriú ar T&N agus ar scileanna ag gabháil le feabhsú ar rochtain ar bhonneagar digiteach;
- G. de bhrí gur constaic mhór go fóill iad i roinnt Ballstát costais agus castachtaí na nósanna imeachta riaracháin maidir leis an rochtain atá ag FBManna ar chosaint maoinne intleachtúla;
- H. de bhrí go rannchuidíonn cuideachtaí meánchaipitlithe nach gcomhlíonann na critéir chun bheith á n-aicmiú mar FBManna go mór le fostaíocht agus fás, go háirithe i roinnt Ballstát, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sainmhíniú breise, ar leithligh, ag teastáil leo, gan dochar don sainmhíniú ar FBM, chun a áirithiú gur féidir le cuideachtaí meánchaipitlithe ina bhfuil idir 250 agus 499 fostaí níos mó cúnaimh a fháil agus gur féidir iad a chur chun cinn ar bhealach níos fearr;

### ***Dúshlán struchtúracha a bhí ann roimh ghéarchéim COVID-19***

1. á iarraidh ar na Ballstáit treochlár a ghlacadh ina mbeidh spriocanna, arb é is aidhm dó laghdú 30% ar a laghad a dhéanamh ar líon na rialacha;

<sup>7</sup> <http://www.oecd.org/economic-outlook/june-2020/>

<sup>8</sup> <https://mindthebridge.com/tech-scaleup-europe-2019-report/>

2. á mheabhrú nach gcuirfidh FBManna feabhas ar an rochtain atá acu ar mhargai domhanda ach amháin má fhaigheann siad tacaíocht ó éiceachóras struchtúrtha agus intuartha; ag meabhrú, i ndáil leis sin, ról na gcomhlachas tráchtála thar lear; á mheabhrú go bhfuil baol ann go n-eisiafar na fiontair bheaga agus na micrifhiontair ó na margai domhanda in éagmais tacaíocht leordhóthanach;
3. á chur in iúl gur geal léi cláir oiliúna meara sa digitíú a bheith á n-oscailt tríd an gclár don Eoraip Dhigiteach; á chur i bhfáth go bhfuil oiliúint ríthábhachtach chun scileanna pearsanra FBManna a fheabhsú i réimsí amhail blocshlabhra, cibearshlándáil agus intleacht shaorga; á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht *ex post* a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfidh an clár a chuspóirí amach;
4. á iarraidh go mbeidh beartais agus ionstraimí nuálaíochta AE ann chun tacú le FBManna neamhdhigiteacha freisin, go háirithe in earnálacha traidisiúnta nach bhfuil an digitíú forbartha go maith iontu;
5. ag meabhrú ról na gairmoiliúna, atá riachtanach chun ionsú céimithe agus oibrithe dífhostaithe isteach i margadh an tsaothair a chur chun cinn, agus chun a áirithiú gur féidir le FBManna brath ar fhoireann chuí-oilte; á mholadh do na Ballstáit an leas is fearr a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE Plus) a bheidh ann amach anseo agus as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE);
6. á mheabhrú gur cuid an-leochaileach den ghréasán FBM iad FBManna atá páirteach i gceirdeanna traidisiúnta; á aithint go bhfuil luach eacnamaíoch agus sóisialta atá acu, agus á iarraidh ar na Ballstáit iomaíochas na hearnála a áirithiú;
7. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil bac méadaitheach á chur ar FBManna ag iomaíocht éagórach ó chorparáidí ilnáisiúnta (MNCanna), a bhfuil a dtábhacht mhéadaitheach laistigh den mhargadh inmheánach tar éis cur le dumpáil shóisialta agus le dírialáil saothair, chomh maith le dócmhainneacht roinnt mhaith FBManna;

### ***Dúshlán nua a eascraíonn as paindéim COVID-19***

8. ag tabhairt dá haire, tar éis do EDS foláireamh paindéime a thabhairt, gur tháinig méadú ar shrianta trádála agus ar shuaitheadh sa slabhra soláthair;
9. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, tar éis éigeandáil COVID-19, mar gheall ar neamhionannas idir na Ballstáit, ó thaobh a gcumais tacaíocht a thabhairt do FBManna de, go dtiocfaidh méadú ar éagothromaíochtaí iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach;
10. ag tathant ar na Ballstáit an Treoir maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála a chur chun feidhme; á mheabhrú nach mór leachtacht a chur ar fáil go pras do FBManna, agus gur cheart bearta maidir le hathchaipitlíú FBManna a threisiú freisin;
11. á chur in iúl gur geal léi maolú na srianta ar státhabhair, ach gurb oth léi a chur chun feidhme míchothrom ar fud an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle machaire comhréidh iomaíochta a thabhairt ar ais i measc na mBallstát;
12. á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil níos mó na 600 000 FBManna in ann onnmhairiú a

dhéanamh lasmuigh de AE; á chur in iúl gur geal léi an tairseach nua a chruthaigh an Coimisiún chun tacú le FBManna trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir le nósanna imeachta riaracháin agus rialacháin trádála idirnáisiúnta; ag tathant ar an gCoimisiún go mbeidh rochtain ilteangach ann ar an uirlis sin;

13. á iarraidh go dtabharfar tacaíocht speisialta do FBManna sóisialta, mar a iarradh cheana sa seasamh ó Pharlaimint na hEorpa maidir le clár COSME;

### ***Straitéis téarnaimh***

14. á chur in iúl gurb oth léi nár díriodh mórán béime ar FBManna sa Phlean Téarnaimh, agus á iarraidh go ndéanfar bearta chun rochtain a áirithiú do FBManna; á mheabhrú don Chomhairle go mbeidh marthanas na FBManna iar-COVID-19 ag brath ar chinnteoireacht ghasta;
15. ag tathant ar na Ballstáit cosaint na fostaíochta agus acmhainn táirgeachta FBManna a aithint mar phríomhthosaíochtaí polaitiúla; ag tathant orthu bearta nithiúla a chur chun cinn chun tacú le FBManna atá i mbaol dócmhainneachta;
16. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil roinnt mhaith ann nach bhfuil in ann cistiú AE a fháil mar gheall ar an gcastacht iomarcach a bhaineann leis na nósanna imeachta ábhartha agus leis na critéir incháilitheachta; á iarraidh ar an gCoimisiún na bacainní sin a laghdú;
17. ag tathant ar na Ballstáit rochtain chothromasach ar iasachtaí bainc a áirithiú do FBManna; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá samhlacha traidisiúnta baincéireachta, lena n-áirítear bainc réigiúnacha bheaga, comharchumainn choigiltis agus comhlachtaí poiblí;
18. á iarraidh go ndéanfar an sciar de chonarthaí rialtais atá ag FBManna agus a fhaightear ó sholáthar poiblí a mhéadú trí rochtain FBManna a chosaint agus trí chomhrac in aghaidh critéir thairisceana lena leagtar amach éilimh nó cáilíochtaí thar eilimintí bunúsacha na seirbhíse nó na n-earraí a cheannaítear;
19. ag tathant ar an gCoimisiún a bheith ag brath ar ionstraimí cosanta trádála (TDInna) chun saobhadh an mhargaidh a thagann as trádáil tríú tír a laghdú; á iarraidh go ndéanfar príomhphointe de bheartas trádála na hEorpa den phrionsabal ‘smaoinigh ar fhiontair bheaga ar dtús’;
20. ag tabhairt dá haire gur bhrúigh an ghéarchéim COVID-19 FBManna i dtreo teicneolaíochtaí nuálacha agus samhlacha gnó nuálacha, amhail ríomhthráchtáil agus an geilleagar comhroinnte, agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh infheistíocht T&I dírithe ar rannpháirtíocht FBManna;
21. a chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil teicneolaíocht dhigiteach comhtháthaithe go rathúil ina ngnólachtaí ach ag 17% de FBManna go dtí seo, agus á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar ionstraimí amhail an Líonra Fiontar Eorpach agus na Moil Nuálaíochta Digití chun a n-éifeachtacht a mheas agus a fheabhsú;
22. á iarraidh go gcuirfear tástáil cheangailteach FBM ar fáil lena mbeifear in ann measúnú a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch ar FBManna a bheidh ag tograí reachtacha; á

iarraidh go ndéanfar measúnú cuí ar chost-éifeachtúlacht an ghéaraithe atá beartaithe a dhéanamh ar na spriocanna CO<sub>2</sub> reatha;

23. ag meabhrú an ghá atá le ról gníomhach a thabhairt d'ionadaithe FBManna i gceapadh beartas chun teacht ar chur chuige inbhuanaithe maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, ar cuspóirí iad nach mór a bheith bunaithe ar mheasúnuithe inbhuanaitheachta beachta;
24. á mheabhrú gur dúshlán domhanda é neodracht aeráide a bhaint amach, agus ag tabhairt dá haire gur féidir ról ríthábhachtach a bheith ag sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha maidir le hiomaíochas FBManna Eorpacha a chosaint, agus á éileamh ag an am céanna go nglacfaidh comhpháirtithe trádála idirnáisiúnta AE caighdeáin chomhshaoil níos airde;
25. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Foilsíodh an teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Straitéis FBM d’Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach’ an lá roimh do EDS éigeandáil COVID-19 a aithint mar phaindéim. Is é príomhchuspóir an rapóirtóra, dá bhrí sin, inneachar bunaidh na Teachtaireachta a thabhairt cothrom le dáta de réir na n-athruithe eacnamaíocha agus sóisialta a tugadh chun cinn leis an bpaindéim, agus anailís á déanamh, trí chur chuige pragmatach agus cuimsitheach, ar na dúshláin nua atá ag dul i bhfeidhm anois ar na 25 mhíilliún FBM Eorpacha atá ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach faoi láthair. Ag an am céanna, tá sé ar intinn ag an rapóirtéir béim a leagan ar an ról ríthábhachtach atá ag FBManna go fóill, sa mheántearma agus san fhadtéarma, mar cholúin bhunúsacha do théarnamh eacnamaíoch iar-phaindéimeach na mór-roinne.

Tuigtear go maith go raibh FBManna Eorpacha ag fás ar luas a bhí níos ísle cheana féin ar an meán ná mar a bhí ag iomaitheoirí neamh-AE, fiú sular bhris an phaindéim amach, mar gheall ar dhúshláin struchtúracha ilghnéitheacha agus dhomhainfhréamhaithe amhail rochtain theoranta ar chreidmheas, tearcchaipitliú agus mórmhoill ar íocaíochtaí. Is fada atá tionchar ag ualaí iomarcacha riaracháin ar acmhainneacht fáis FBManna ar fud an Aontais; de réir Shuirbhé Gnó Eurochambres 2019, is dúshlán mór iad na nósanna imeachta riaracháin do 78% ar a laghad de FBManna. Tá an hipir-rialáil ar leibhéil scanrúla i roinnt Ballstát, rud a chuireann bac ar iomaíochas FBManna, ní hamháin laistigh den timpeallacht ghnó náisiúnta ach laistigh de mhargadh inmheánach na hEorpa i gcoitinne freisin.

Ag an am céanna, tá méadú ag teacht ar an mbagairt ar iomaíochas FBManna agus fiú ar a marthanas, de dheasca foirmeacha iltaobhacha de chleachtais éagóracha iomaíochta, cleachtais a eascraíonn ó chineál domhandaithe an gheilleagair Eorpaigh agus go príomha ó ghníomhaíocht táirgeoirí neamh-AE a leanann de bheith ag brath ar chaighdeáin saothair agus chomhshaoil níos ísle, agus earraí nó seirbhísí á n-onnmhairiú chuig an AE acu.

Dá bhrí sin, le mionfhiontar, fiontar beag agus fiontar meánmhéide agus micreafhiontar a bheith á n-eisiáim de réir a chéile ó mhargaí náisiúnta gach Ballstáit, agus ó mhargadh inmheánach na hEorpa, bhí leibhéil éigeandála bainte amach dá bhrí sin i bhfad roimh thús phaindéim COVID-19, agus ba é ba chúis le creimeadh phríomhfhiochán gheilleagar na hEorpa.

Agus aird chuí á tabhairt ar na pointí criticiúla sin, ba cheart don Aontas straitéis nua-aimseartha agus inmharthana a fhorbairt, ar straitéis í a chaithfidh a bheith in ann na dúshláin struchtúracha thuasluaite a shárú agus ag an am céanna déileáil go tapa agus go héifeachtach leis na bacainní nua breise a thugtar chun cinn leis an bpaindéim.

Ní mór do straitéis den sórt sin an príomhchuspóir a shaothrú, mar atá iomaíochas a fháil ar ais laistigh den mhargadh inmheánach agus sa chaidreamh trádála le tríú tíortha. Tá gá le bearta práinneacha go háirithe chun ualaí rialála a laghdú go suntasach (trí ghlacadh an phrionsabail ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’, chun rochtain ar chistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar chistiú ar leibhéal an Aontais i bhfoirm deontas seachas iasachtaí a fheabhsú, agus chun an bhearna dhigiteach a laghdú, bearna lena bhfuil céatadán i gceist go fóill ar cúis inní é d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide Eorpacha.

Níor cheart go dtabharfaí buntáiste leis an nuálaíocht agus an digitiú do na fiontair sin amháin a bhfuil baint dhíreach ag a bpríomhréimse oibre leis an nuálaíocht; ina ionad sin, ba cheart go



mbeadh rochtain éasca ag fiontair neamhdhigitiúla agus neamhnuálaíocha ar ionstraimí cúnaimh agus airgeadais AE agus náisiúnta freisin, lena n-áirítear na fiontair siúd a oibríonn in lámhcheardaíocht thraidisiúnta, i seirbhísí sóisialta nó sa tionscal cruthaitheach, ar gá freisin uasghrádú digiteach a dhéanamh orthu chun a n-iomaíochas a chaomhnú.

Is féidir athrú struchtúrach a bhaint amach atá dírithe ar éiceachóras reachtach an Aontais a dhéanamh níos cairdiúla do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide, agus é sin a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, tríd an gcur chuige 'Smaoinigh ar fhiontair bheaga ar dtús' a leagan síos mar phrionsabal bunúsach i ndruchtú na reachtaíochta a bheidh ann amach anseo, agus trína choinneáil ar siúl mar sin le linn an phróisis reachtaigh (lena n-áirítear trí chéim an mheasúnaithe tionchair).

Ciallaíonn athrú struchtúrach atá fabhrach do mhicrifhiontair agus do FBManna cosaint a thabhairt freisin do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide ar bhrú míchothrom na n-ollchuideachtaí móra sa mhargadh, laistigh den Aontas agus lasmuigh de. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas agus d'údarais náisiúnta neartú a dhéanamh ar a n-iarrachtaí micreafhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a chosaint ar aon mhí-úsáid a bhaineann grúpaí níos mó as a gceannasacht. Ba cheart do na Ballstáit gníomhaíocht ghasta a dhéanamh freisin chun cosc a chur ar dhíchobhsú breise ar mhargadh an tsaothair, rud a bhfuil tionchar aige cheana féin ar shochaithe na hEorpa ó thaobh leibhéal dífhostaíochta níos airde agus íslíú ar chaighdeán na gceart saothair.

Maidir le hiomaíochas na micrifhiontar, na bhfiontar beag agus na bhfiontar meánmhéide a chosaint laistigh de na margaí domhanda, ní mór d'institiúidí an Aontais úsáid réalaióch a bhaint as ionstraimí cosanta trádála chun táirgeoirí agus tomhaltóirí na hEorpa a chosaint ar na samhlacha dírialáilte atá ag iomaitheoirí neamh-AE, agus dlús a chur le cur chun feidhme sásra éifeachtach teorann carbóin.

I bhfianaise na ndeacrachtaí nach bhfacthas a leithéidí riamh roimhe seo a bhaineann leis an gcéim shonrach sin i stair an Aontais, ní mór go mbeidh an Comhaontú Glas ina dheis inbhuanaithe do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide, ó thaobh cost-éifeachtúlachta agus ó thaobh tráthchláir cur chun feidhme de, agus ba cheart go gcuirfí san áireamh leis neamhshiméadrachtaí na bearna iomaíochais atá ann cheana agus a chuireann bac ar chuideachtaí Eorpacha *vis-a-vis* iomaitheoirí tríú tíortha. I ndáil leis sin, beidh sé ríthábhachtach micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus a n-ionadaithe a bheith rannpháirteach i ngach céim den phróiseas reachtach, chun a áirithiú go mbeidh na fiontair sin ar aon dul le riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta chomh maith le hacmhainneacht agus cumais iomaíochta na bhfiontar Eorpach sa mheántearma go fadtéarmach.

Maidir leis na hionstraimí atá sa Phacáiste Téarnaimh, ní mór aird chuí a thabhairt ar an saobhadh sa Mhargadh Inmheánach a eascraíonn as úsáid mhíchothrom a bhaint as solúbthacht na Státchabhrach ar fud na mBallstát, agus níor cheart go mbainfeadh aon srianta a d'fhéadfaí a chur ar úsáid na n-acmhainní sin an bonn ón tionchar dearfach a mheastar a bheidh acu. Ní mór tús áite a thabhairt do dheontais thar iasachtaí, ionas nach n-iompróidh cúnaimh airgeadais tuilleadh fiachais do stáit agus do ghnólachtaí.

Maidir leis an gcéad CAI eile, tá gá le measúnú cúramach chun tús áite a thabhairt do na cláir is fearr feidhmíochta, agus á chur san áireamh nach féidir spriocanna bunúsacha amhail simpliú, laghdú na mbacainní maorlathacha agus cumarsáid níos fearr a chur siar a thuilleadh má tá sé beartaithe ag an Aontas tacaíocht inláimhsithe a thabhairt do mhicrifhiontair,

d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánmhéide Eorpacha.